**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**13987/24**

**ENER 473**
**COMPET 980**
**CLIMA 331**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rannchuidiú na hearnála fuinnimh le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh – obair leantach ar na moltaí i dtuarascáil Draghi<br>- Seisiún tuairimíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir leis an méid a chuireann earnáil an fhuinnimh le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh – obair leantach ar na moltaí i dtuarascáil Draghi i bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 15 Deireadh Fómhair 2024.

**Rannchuidiú na hearnála fuinnimh le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh: obair leantach ar na moltaí i dtuarascáil Draghi**

An 17 agus an 18 Aibreán 2024[1], d’iarr an Chomhairle Eorpach go mbunófaí Comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa agus go leanfaí ar aghaidh leis an obair go cinntitheach agus go pras chun fíor-Aontas Fuinnimh a bhaint amach, trí sholáthar flúirseach fuinnimh inacmhainne ghlain a dhaingniú, rud a fhónfadh don dá chuspóir, ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa, a shaothrú. Chuige sin, beidh gá le rialachas láidir ar an Aontas Fuinnimh, leictriú uaillmhianach trí úsáid a bhaint as gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin, solúbthacht, agus imscaradh agus infheistíocht shuntasach in eangacha, digiteáil, stóráil agus idirnaisc. I mí Iúil 2024, d’fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Margadh Tionsclaíoch Glan nua do thionscail iomaíocha agus do phoist ardcháilíochta, a nochtfar sna chéad 100 lá den sainordú.

Is é tosaíocht Uachtaránacht na hUngáire ar an gComhairle glacadh an Chomhaontaithe nua sin maidir le hiomaíochas na hEorpa a éascú chun fás eacnamaíoch a athsheoladh agus na dálaí don fhás inbhuanaithe a chruthú, an margadh inmheánach a dhoimhniú, tacaíocht tosaíochta a thabhairt d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha agus saoránaigh na hEorpa, comhar idirnáisiúnta a chothú, agus cobhsaíocht agus inbhuanaitheacht post a áirithiú.

Tá fuinneamh inacmhainne ríthábhachtach d’iomaíochas thionscal an Aontais. Beidh iarrachtaí chun rochtain shlán agus leordhóthanach ar fhuinneamh glan a áirithiú ar phraghsanna iomaíocha domhanda sa mhargadh inmheánach ríthábhachtach chun láidreachtaí tionsclaíocha an Aontais a shuíomh ar bhealach níos fearr le linn an aistrithe.

[1] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2024/04/18/european-council-conclusions-17-and-18-april-2024/

Ní féidir cuspóirí uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach ach amháin má bhíonn siad fite fuaite le hiomaíochas an Aontais agus le slándáil an tsoláthair fuinnimh le linn an aistrithe ghlais chóir.

Ina thuarascáil faoi **Thodhchaí Iomaíochas na hEorpa**[2], tugann Mario Draghi forléargas cuimsitheach ar na príomhdhúshláin atá roimh iomaíochas na hEorpa agus tugann sé breac-chuntas ar shraith gníomhaíochtaí chun ár ngeilleagar a athbheochan. Leagtar béim sa tuarascáil ar an n**gá atá le hinfheistíochtaí ollmhóra**, idir EUR 750 billiún agus EUR 800 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana, agus déantar argóint inti ar mhaithe le hathrú radacach, a mbeidh gá leis ar bhonn práinneach nithiúil. Cuireann sé in iúl freisin, i gcomhthéacs an laghdaithe atá ag teacht ar an daonra agus ar an lucht saothair, nach mór don Eoraip díriú níos mó ar a táirgiúlacht a mhéadú chun fás a bhaint amach.

**Moltar sa tuarascáil plean comhpháirteach dícharbónaithe agus iomaíochais, lenar cheart na beartais uile a ailíniú le cuspóirí an Aontais**. Ar na réimsí tosaíochta a dtabharfar aghaidh orthu tá, ar an gcéad dul síos, costais fuinnimh a ísliú d'úsáideoirí deiridh trí na tairbhí a bhaineann le dícharbónú a aistriú agus dlús a chur le dícharbónú na hearnála fuinnimh ar bhealach costéifeachtach, agus na réitigh uile atá ar fáil á ngiaráil. Ar an dara dul síos, na deiseanna tionsclaíocha a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas a thapú, ó bheith ar thús cadhnaíochta i nuálaíocht na teicneolaíochta glaine go teicneolaíocht ghlan a mhonarú ar scála agus na deiseanna ón gciorclaíocht a ghiaráil. Ar an tríú dul síos, cothrom iomaíochta a bhaint amach in earnálacha atá níos neamhchosanta ar iomaíocht éagórach ón gcoigríoch nó a bhfuil spriocanna dícharbónaithe níos beaichte rompu ná mar atá ag a n-iomaitheoirí idirnáisiúnta.

Baineann tuarascáil Draghi le go leor réimsí beartais. Sa roinn atá dírithe ar **earnáil an fhuinnimh**, leagann Draghi béim ar an ról lárnach atá aici maidir le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na hEorpa a mhúnlú. Tugtar aghaidh i roinnt moltaí ar dhúshláin phráinneacha fuinnimh atá os comhair an Aontais, agus a chuireann ar a chumas, ag an am céanna, a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú domhanda chuig fuinneamh glan.

[2] Iomaíochas an Aontais: Ag féachaint chun cinn - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Déantar cás áititheach sa tuarascáil maidir le hathchóirithe ar mhargadh fuinnimh na hEorpa. Ag croílár na tuarascála, nasctar neart eacnamaíoch fadtéarmach na hEorpa lena cumas praghsanna fuinnimh a laghdú agus córas fuinnimh inbhuanaithe dícharbónaithe a chothú. **Ní mór don Eoraip praghsanna arda fuinnimh a ísliú agus leanúint den gheilleagar a dhícharbónú ag an am céanna**. Tá athrú do-aisiompaithe tagtha ar thírdhreach an fhuinnimh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin agus de bharr gur cailleadh píblínte gáis nádúrtha mar thoradh air sin. Cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar phraghsanna fuinnimh óna mbuaicphointí, tá cuideachtaí an Aontais fós ag dul i ngleic le praghsanna leictreachais atá 2-3 huaire níos airde ná praghsanna sna Stáit Aontaithe agus tá praghsanna gáis nádúrtha a íoctar 4-5 huaire níos airde. D'fhéadfadh an dícharbónú a bheith ina dheis don Eoraip, chun a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíochtaí glana nua agus réitigh chiorclaíochta, agus chun giniúint cumhachta a aistriú i dtreo foinsí fuinnimh ghlain atá slán agus ar chostas íseal. Braithfidh cibé acu an féidir leis an Eoraip an deis seo a thapú, áfach, ar gach beartas a bheith i gcomhréir le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais. De réir a chéile a dhéanfar an t-aistriú fuinnimh agus leanfaidh breoslaí iontaise de ról lárnach a bheith acu i bpraghsáil fuinnimh don chuid eile den deacáid seo, rud a chuirfidh luaineacht leanúnach praghsanna i mbaol d'úsáideoirí deiridh. Bíonn costais infheistíochta níos airde ar thionscail an Aontais a úsáideann fuinneamh go dian ná mar a bhíonn ar a n-iomaitheoirí chun spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach.

Cuireann Draghi chun suntais freisin na rioscaí geopholaitiúla a bhaineann le **spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus ar amh-mhianraí criticiúla**. Tá níos mó i gceist leis na rioscaí sin ná fuinneamh, baineann siad le beartais thionsclaíocha agus trádála an Aontais, agus éilíonn siad réitigh chuimsitheacha a théann níos faide ná margaí fuinnimh amháin.

Molann tuarascáil Draghi athchóirithe san earnáil fuinnimh lena bhféadfaí níos mó éifeachtúlachtaí margaidh a bhaint amach, lena laghdófaí luaineacht praghsanna, agus lena gcothófaí infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite. Leis na hathchóirithe sin, neartófaí spriocanna eacnamaíocha níos leithne, rud a d'fhágfadh go mbeadh an dícharbónú ina bhuntáiste iomaíoch don Eoraip, ar choinníoll go ndéanfaí na hinfheistíochtaí agus na hathruithe rialála is gá.

***Tá obair leantach chuimsitheach ar thuarascáil Draghi á heagrú ag Uachtaránacht na hUngáire ar an gComhairle, le plé ar an méid a chuireann earnálacha éagsúla le hiomaíochas an Aontais. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na hAirí Fuinnimh a dtuairimí a roinnt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:***

1) ***Cad iad na moltaí i dtuarascáil Draghi in earnáil an fhuinnimh ar cheart don Aontas díriú orthu mar thosaíochtaí, agus conas a d'fhéadfaí iad a chur chun feidhme?***

2) ***Cad iad na moltaí is mó a rannchuideodh le cuspóir an Aontais costais fuinnimh a choinneáil inacmhainne agus iomaíoch gan dearmad a dhéanamh ar an ngá atá le dícharbónú agus slándáil fuinnimh?***

3) ***Beidh gá le hinfheistíochtaí ollmhóra ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun na moltaí a chur chun feidhme. Cad iad na bealaí is éifeachtaí chun caipiteal príobháideach a ghiaráil chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh?***

---